# Féindearbhú De Minimis

Ní mór an Dearbhú seo a chomhlánú i gcás go bhfuil feidhm ag cabhair De Minimis maidir le tionscadal an iarratasóra don Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide. Is bunaithe ar an bhfaisnéis seo a dhéanfaimid measúnú ar a incháilithe atá tú chun cistiú a fháil. Bainfidh cabhair De Minimis a dámhadh faoin gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide le hábhar i gcás gur mian leat iarratas a dhéanamh ar aon chabhair eile De Minimis.

Luaitear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1998/2006 ("an Rialachán De Minimis") gurb amhlaidh, i gcás go ndeonóidh Ballstát cabhair De Minimis d'aon fhiontar, a chuirfidh sé carachtar De Minimis na cabhrach in iúl don fhiontar agus a gheobhaidh sé faisnéis iomlán ón bhfiontar lena mbaineann faoi chabhair eile De Minimis a fuarthas le linn na dtrí bliana roimhe.

Le Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ("an Rialachán De Minimis") ón gComhairle, ceadaítear Státchabhair is fiú suas le €200,000 a dheonú d'aon ghnóthas thar aon tréimhse trí bliana (faoi réir díolúintí áirithe atá sonrach don earnáil).

Meastar méideanna beaga de Státchabhair, is fiú suas le €200,000 d'aon fhiontar amháin in aon tréimhse trí bliana (ar a dtugtar 'cabhair De Minimis'), a bheith róbheag chun difear suntasach a dhéanamh do thrádáil nó d'iomaíocht sa chómhargadh. Meastar nach dtagann méideanna den sórt sin faoin gcatagóir Státchabhrach a gcuirtear toirmeasc uirthi leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus féadfar iad a dhámhachtain gan aon fhógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná gan aon chead a fháil ón gCoimisiún. Ceanglaítear ar Bhallstát sásra (féindearbhú) a bheith i bhfeidhm aige chun cabhair den sórt sin (ar a dtugtar 'cabhair De Minimis') a rianú agus chun a chinntiú go gcloífidh méid comhcheangailte na n-íocaíochtaí cabhrach De Minimis ó gach foinse a rinneadh le haon fhiontar amháin in aon tréimhse trí bliana leis an uasteorainn €200,000.

- **Tabhair mionsonraí faoin státchabhair De Minimis ar fad eile a deonaíodh do do chuideachta, an Príomhiarratasóir, sna trí bliana fioscacha roimhe, e.g., ó ghníomhaireacht stáit, roinn rialtais, Oifig Fiontair Áitiúil, údarás áitiúil, cistiú LEADER, i measc nithe eile.**
- **I gcás go ndeonóidh Údarás Deonúcháin cabhair De Minimis do ghnóthas, ní mór dó carachtar De Minimis na cabhrach a chur in iúl go follasach don fhiontar agus tagairt a dhéanamh do Rialachán 1407/2013. Cuirfidh sé sin ar chumas an deontaí an chabhair a dhearbhú in iarratais sa todhchaí ar thacaíocht De Minimis.**
- **Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh, dá ndéanfadh cuideachta dearbhú bréagach ar dá bharr a shárófaí an tairseach €200,000, go ndéanfaí an chabhair a aisghabháil ina dhiaidh sin, i dteannta úis.**

**Dearbhaím gur mar a leanas atá an méid cabhrach De Minimis a fuair an eagraíocht sna trí bliana fioscacha seo a chuaigh thart:**

| An Maoinitheoir/Eagraíocht a sholáthair an Chabhair | Méid | An Dáta a Ceadaíodh an Cistiú |
|---|---|---|
| | € | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Is é seo an méid iomlán Cabhrach De Minimis a fuarthas:

Deimhním nár deonaíodh do __________________ (cuideachta) sna trí bliana fioscacha seo a chuaigh thart ach an chabhair De Minimis atá leagtha amach sna mionsonraí atá soláthartha thuas.

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide 2025 de chuid an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi Rialachán (CE) 1407/2013 (an Rialachán De Minimis) an 18 Nollaig 2013.

| | |
|---|---|
| **Sínithe thar ceann an iarratasóra nó an chomhpháirtí/na gcomhpháirtithe** | |
| **Post** | |
| **Dáta** | |